# AIGHNEACHT DON ROINN DLÍ AGUS CIRT, COMHIONANNAIS AGUS ATHCHÓIRITHE DLÍ DON DARA SCÉIM FAOI ALT 11 d'ACHT NA dTEANGACHA OIFIGIÚLA 2003

## RÉAMHRÁ

Is é seo a leanas cuid de ráiteas misin na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí:-

> **"An tslándáil phobail a chothabháil agus cur léi, mar aon le sochaí chothrom a chur chun cinn."**

Is gá go mbeadh an pobal in ann gnó a dhéanamh trí Ghaeilge le gach gné de chuid na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí i bhfeidhmiú an mhisin, mar atá luaite faoin bpolasaí rialtais dár teideal Seirbhís Custaiméara den Scoth.

De réir Scéim na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí 2006-2009:-

> **"Tá an Roinn tiomanta d'fhorbairt scileanna Gaeilge a spreagadh thar gach réimse den Roinn d'fhonn forbairt fhorásach seirbhíse don chustaiméir i nGaeilge, ar seirbhís ardchaighdeáin duine le duine í, a éascú chun freastal ar an éileamh ar sheirbhísí den sort sin."**

Cuireann Conradh na Gaeilge fáilte roimh an ráiteas thuas agus roimh thiomantas na Roinne do sheirbhísí Gaeilge a leathnú agus a fheabhsú trí chur i bhfeidhm na scéime.

Don dara scéim, molann Conradh na Gaeilge leas a bhaint as teimpléad comónta do Scéim na Roinne, mar a mholaimid leis na comhlachtaí poiblí ar fad ionas go mbeidh scéimeanna den leagan amach céanna ag gach eagraíocht stáit faoi alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Le teimpléad comónta, bheadh comhionannas idir na comhlachtaí poiblí ar fad agus bheadh sé níos soiléire don chustaiméir cad iad na seirbhísí atá ar fáil go dátheangach trasna na gcomhlachtaí poiblí ar fad. Molaimid leagan na haighneachta seo mar an teimpléad comónta sin.

## EOLAS

Fáiltímid roimh na hiarrachachtaí atá déanta ag an Roinn chun eolas faoi chúlra, sheirbhísí reatha, phleananna agus réimsí eile eolais i dtaca leis an Roinn a chur ar fáil go dátheangach, an tuarascáil bhliantúil, ráiteas straitéise agus cairt an chustaiméara san áireamh. Maidir le foirmeacha, comharthíocht, fógraí réamhthaifeadta teilefóin agus fógráin phreasa, molann Conradh na Gaeilge iad siúd ar fad a bheith dátheangach, gan aon eisceacht. Is gá go mbeadh an t-eolas seo ar fáil go comhuaineach, an dá theanga taobh le taobh, in aon chlúdach amháin, agus gan gá le haon obair bhreise a dhéanamh chun teacht ar an eolas i nGaeilge thar mar a bheadh i gceist chun teacht ar an eolas i mBéarla. Tá sé tábachtach an Ghaeilge a dhéanamh níos feiceálaí le cur in iúl go bhfuil fáilte roimh an nGaeilge i ngnóthaí na Roinne.

Maidir le preaseisiúintí, ní ghlacann Conradh na Gaeilge le leithscéal na Roinne maidir le formhór na bpreaseisiúintí a bheith i mBéarla amháin: **"Is minic a bhíonn ar an Roinn ráitis a eisiúint go tapa de dhroim eachtraí gan choinne agus bheadh moill i gceist ag eisiúint ráiteas dátheangach comhuaineach."** Mar ghnáthchleachtas, ní théann preasráitis thar aon leathanach A4 amháin. Is léir, mar sin, nach mbeadh mórán moille ar ráiteas a eisiúint sa dá theanga oifigiúla. Éilímid go mbeidh 100% de phreaseisiúintí na Roinne á gcur ar fáil go dátheangach.

*Sprioc: Roimh dheireadh na chéad bhliana den Scéim*

## COMHFHREAGRAS

Cuireann Conradh na Gaeilge fáilte roimh an méid atá geallta i Scéim na Roinne 2006-2009:

**"Déanfaidh an Roinn agus na Comhlachtaí Comhbhainteacha comhfhreagras a thionscnamh i nGaeilge le daoine nó comhlachtaí arb eol gur fearr leo comhfhreagras i nGaeilge,"** agus

Cuirimid fáilte roimh an ráiteas thuas, agus molaimid don Roinn a chinntiú go bhfuil sé á chur i bhfeidhm. Go mbeidh comhfhreagras iomlán ar fáil i nGaeilge más é sin rogha an tsaoránaigh agus go ndéanfar é seo ar bhealach nach gcuirfidh moill ar ghnó an tsaoránaigh nó nach gcuirfidh as don leibhéal seirbhíse a chuirtear ar fáil. Maidir le stáiseanóireacht, cuirimid fáilte roimh an tairiscint ghníomhach atá geallta i Scéim na Roinne 2006-2009, is é sin go gcuirfí an ráiteas **"Cuirfear fáilte roimh chomhfhreagras i nGaeilge"** ar an stáiseanóireacht. Molaimid a chinntiú go bhfuil seo curtha i bhfeidhm agus go leanfaí leis le linn na Scéime 2009-2012 agus ar aghaidh.

*Sprioc: Roimh dheireadh na chéad bhliana den Scéim*

## CÓRAS GUTHÁIN

Tá an-tábhacht leis an gcóras gutháin mar gurb é seo an chéad phointe teagmhála go hiondúil a bhíonn ag an saoránach leis an Roinn. Tá sé tábhachtach gur féidir le gach teileafónaí déileáil le fiosruithe an phobail sa dá theanga oifigiúla agus go gcuirfí in iúl do gach saoránach:

- go bhfuil rogha teanga aige/aici,
- go bhfuil fáilte roimh an nGaeilge
- go bhfuil seirbhís Ghaeilge ar chomhchaighdeán le seirbhís Bhéarla ar fáil.

Moltar fáilte a chur as Gaeilge agus rogha teanga a thabhairt nuair a fhreagraítear an guthán, agus teachtaireachtaí dátheangacha a thaifead, nó teachtaireachtaí Gaeilge más i gceantar Gaeltachta í an oifig. Maidir le córas uathoibríoch, ba chóir go dtabharfaí rogha teanga don saoránach roimh aon rogha eile.

*Sprioc: Ó thus na Scéime*

## RÍOMHPHOST

Cuirimid fáilte roimh an séanadh dátheangach ar gach ríomhphoist a sheoltar ón Roinn. Moltar leagan Gaeilge a bheith ann do gach seoladh ríomhphoist, mar shampla eolas@ceartas.ie a úsáid agus a cheangal leis an leagan Béarla ionas go dtéann gach ríomhphost isteach chuig an seoladh amháin. Tá sé tábhachtach nach gcuirtear moill ar ghnó an tsaoránaigh má dhéanann sé/sí a g(h)nó i nGaeilge.

*Sprioc: Roimh dheireadh na chéad bhliana den Scéim*

## SUÍOMH IDIRLÍN

Tá an-tábhacht sa lá atá inniu ann leis an suíomh idirlín mar gurb é an chéad fhoinse eolais go hiondúil a bhíonn ag an saoránach don Roinn agus léiríonn úsáid na Gaeilge ar an suíomh meon na Roinne i leith na Gaeilge. Cuirimid fáilte roimh an méid dátheangachas atá bainte amach ag an Roinn ar a suíomh gréasáin. Cuirimid na moltaí seo a leanas roimh an Roinn:

- Leathanach baile nach bhfuil aon rud eile air seachas rogha dul isteach sa leagan Gaeilge nó sa leagan Béarla den suíomh.
- An rogha don leagan Gaeilge a chur os cionn an rogha don leagan Béarla ar an leathanach molta seo chun an rogha Gaeilge a dhéanamh níos feiceálaí.
- Córas ann a ligeann d'úsáideoirí an tsuímh dul ó Ghaeilge go Béarla agus ó Bhéarla go Gaeilge le cnaipe amháin ar gach uile leathanach.

- Leagan Gaeilge a bheith ann do gach leathanach agus do shuíomhanna na rannán ar fad .
- Cinntiú go bhfuil Gaeilge chruinn ar an suíomh.
- Leagan Gaeilge de gach preasráiteas a bheith ann, agus a bheith in ann cliceáil idir an dá leagan go héasca.
- Óráidí ar an suíomh a chur ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach.
- Is gá go gcuirfidh an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí in iúl do gach eagras, seirbhís agus gnólacht ar shuíomh na Roinne go gcaithfear seirbhís dhátheangach a chur ar fáil.
- Seoladh Gaeilge agus seoladh Béarla a bheith ag an suíomh, www.ceartas.ie chomh maith le www.justice.ie agus an dá sheoladh a chur ar gach fógra nó bileog eolais de chuid na Roinne chun an leagan Gaeilge a phoibliú. Tá sé tábhachtach gan tosaíocht a thabhairt don Bhéarla le seoladh cosúil le www.justice.ie/ga a thabhairt don leagan Gaeilge.

*Sprioc: Roimh dheireadh na dara bliana den Scéim*

## CÓRAS RÍOMHAIREACHTA

Tá sé an-tábhachtach go mbíonn an córas ríomhaireachta ábalta déileáil le húsáid na Gaeilge sa chaoi is gur féidir seirbhís Ghaeilge a chur ar fáil atá ar chomhchaighdeán le seirbhís Bhéarla. Ba chóir 'Gaelspell', 'Gléacht' nó córas ar bith eile chun litriú Gaeilge a cheartú a bheith mar chuid den phacáiste ríomhaireachta atá in úsáid sa Roinn.

*Sprioc: Roimh dheireadh na chéad bhliana den Scéim*

## FOIREANN

Maidir le cúrsaí Gaeilge don fhoireann, molaimid cúrsaí Gaeilge Chonradh na Gaeilge atá curtha in oiriúint do shiollabais Theastas Eorpach na Gaeilge de chuid Ollscoil na hÉireann Má Nuad. Tá sé tábhachtach go dtuigeann an fhoireann an tábhacht a bhaineann le seirbhís dhátheangach a chur ar fáil agus go bhfaigheann said oiliúint ar fheasacht teanga chomh maith. Molann Conradh na Gaeilge go mbeidh dreasacht ann don fhoireann tabhairt faoi ranganna Gaeilge, bíodh sé lasmuigh nó laistigh d'uaireanta oifige na Roinne. Molaimid go mbeidh treoirleabhar ar fáil do gach ball foirne le gach eolas faoi chearta teanga na gcustaiméirí agus conas déileáil go proifisiúnta agus go héifeachtach le custaiméirí atá ag iarraidh seirbhís a fháil trí Ghaeilge.

*Sprioc: Roimh dheireadh na Scéime*

## SOLÁTHAR SEIRBHÍSÍ

Tá sé tábhachtach go mbeidh deis ag an saoránach seirbhísí iomlána na hoifige a fháil trí mheán na Gaeilge, ó eolas faoi na seirbhísí a fháil, comhfhreagras trí Ghaeilge, agus plé díreach leis an bhfoireann trí mheán na Gaeilge. Ó thaobh soláthar seirbhísí de, tá sé tábhachtach go mbeidh:

- Foireann ann chun seirbhís a chur ar fáil i nGaeilge
- Nósmhaireacht bunaithe chun an rogha teanga atá ar fáil i nGaeilge a chur in iúl don phobal
- Córas eagraithe chun a chinntiú nach gcuirfí moill ar leith ar an té a lorgaíonn seirbhís i nGaeilge.
- Córais inmheánacha, foirmeáilte agus neamhfhoirmeáilte, chun úsáid na Gaeilge i measc na foirne a spreagadh

*Sprioc: Roimh dheireadh na chéad bhliana den Scéim*

## PLÉ LEIS AN bPOBAL

Foireann: Foireann a chur ar fáil atá lánchumasach sa Ghaeilge chun plé leis an bpobal nó le daoine aonair ar mian leo seirbhís a fháil trí Ghaeilge. Eolas a bhfuil seirbhís mar seo ar fáil a phoibliú go forleathan.

Ócáidí: Molaimid go seolfadh an Roinn aon chúrsa, seirbhís phoiblí, seimineár nó an ócáid phoiblí eile go dátheangach, nó i nGaeilge amháin más ceantar Gaeltachta atá i gceist.

*Sprioc: Roimh dheireadh na chéad bhliana den Scéim*

## CEANTAIR GHEALTACHTA AGUS CEANTAIR INA BHFUIL LEIBHÉAL ARD CAINTEOIRÍ GAEILGE AGUS GAELSCOILEANNA

Fáiltímid roimh an méid atá geallta i Scéim na Roinne 2006-2009 ó thaobh seirbhíse do cheantair Ghaeltachta, is é sin:- **"Mura n-iarrtar nó mura léirítear a mhalairt, cuirfidh an Roinn seirbhís trí Ghaeilge ar fáil do dhaoine den phobal i gcoitinne i limistéir Ghaeltachta.".** Molaimid don Roinn agus do na Comhlachtaí Comhbhainteacha go gcuirfí eagraíochtaí Gaeilge, Gaelscoileanna, Gaelcholáistí

agus ceantair ina bhfuil líon ard cainteoirí Gaeilge san áireamh chun seirbhís trí Ghaeilge a chur ar fáil dóibh go huathoibríoch. Cuirimid fáilte roimh an méid atá geallta ag an Roinn: **"Úsáidfidh an Roinn logainmneacha oifigiúla na limistéar Gaeltachta,"** faoi mar atá fógartha ag an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta.

*Sprioc: Tús na Scéime*

## OIFIGÍ / FOIRGNIMH

Molaimid don Roinn go mbeadh comharthaí dátheangacha i ngach oifig den Roinn, nó i nGaeilge amháin i gceantair Ghaeltachta, go ndéanfaí soiléir go bhfuil fáilte roimh úsáid na Gaeilge agus go mbeidh seirbhís i nGaeilge ar fáil a bheidh ar chomhchaighdeán le seirbhísí i mBéarla. Ba chóir go mbeadh comharthaí ann le taispeáint cé tá in ann seirbhís i nGaeilge a chur ar fáil agus cad iad na réimsí seirbhíse lena mbaineann na daoine sin. Ba chóir don Roinn atmaisféar dearfach i leith na Gaeilge a chruthú i ngach ceann dá cuid oifigí, go hoifigiúil agus go neamhoifigiúil, mar shampla, le seomra caidrimh, mar a mbeadh fáilte roimh dhaoine teacht le haghaidh sosa agus an Ghaeilge a labhairt.

*Sprioc: Roimh dheireadh na chéad bhliana*

## ÓCÁIDÍ POIBLÍ

Go ndéanfar cinnte go mbeidh gach ócáid phoiblí á reáchtáil i nGaeilge nó go dátheangach idir chomharthaí agus chur i láthair, óráidí san áireamh, agus go ndéanfar aistriúchán/ateangaireacht comhuaineach más ócáid dhátheangach í.

*Sprioc: Roimh dheireadh na chéad bhliana*

## FÓGRAÍOCHT

Molaimid go ndéanfar an dara scéim chomhaontaithe a phoibliú go leathan agus go ndéanfar fógraíocht ar na seirbhísí atá ar fáil trí Ghaeilge cheana féin mar gheall ar an gcéad scéim chomh maith leis na seirbhísí breise a bheidh ar fáil mar gheall ar an dara scéim. Molaimid go gcuirfear isteach siombal nó ráiteas a léiríonn go bhfuil

fáilte roimh Ghaeilge i ngach fógra a fhoilsíonn an Roinn go dtuigeann an pobal gur féidir an Ghaeilge a úsáid thar na réimsí ar fad den Roinn, ní hamháin i ngnóthaí Gaeltachta.

*Sprioc: Tús na Scéime*

## FREAGRACHT

Go leanfaí le córas freagrachta chun soláthar na seirbhísí i nGaeilge a chinntiú agus go mbeidh dualgais chinnte ag leibhéil éagsúla riaracháin chun é seo a bhaint amach. Go mbeidh na daoine roghnaithe chun an córas freagrachta a fheidhmiú i gceannas chomh maith ar an bhfeachtas eolais chun na dualgais nua faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus faoi Scéim na Gaeilge a mhíniú don fhoireann ar fad.

*Sprioc: Tús na Scéime*

## FAIREACHÁN & ATHBHREITHNIÚ

Tá sé tábhachtach go gcoinneoidh An Coiste Comhairleach Bainistíochta laistigh den Roinn gníomhú éifeachtach na scéime faoi athbhreithniú, mar a dhein sé do scéim 2006-2009. Tá sé tábhachtach, leis, go mbeidh na bainisteoirí i ngach Rannán líne agus sna Comhlachtaí Comhbhainteacha freagrach as feidhmiú laethúil na scéime ina rannáin féin agus go dtuairisceoidh siad go rialta dá rúnaí cúnta.

*Sprioc: Tús na Scéime*

## EARCAÍOCHT

Fáiltímid roimh na bearta a luaigh an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí i scéim 2005-2008 chun cinntiú go ndéanfar líon leordhóthanach foirne a mbeidh líofacht Ghaeilge acu a earcú agus a choinneáil sa Roinn.

Chomh maith leis na bearta sin, molaimid féachaint chuige líon níos airde daoine a fhostú ar fhoireann na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí idir acadúil, riaracháin agus sheirbhíse, atá inniúil ar chúraimí a bpostanna a chomhlíonadh i nGaeilge agus i mBéarla. Chuige sin:-

- Fógrófar ar fhógraí earcaíochta uile na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí go dtabharfar tús áite don iarrthóir dátheangach

(Gaeilge/Béarla) ach na cáilíochtaí cuí eile a bheith aige/aici ach go nglactar freisin le hiarratais ó dhaoine gan Gaeilge a bheidh sásta cur ar a gcumas a gcuid oibre a dhéanamh trí Ghaeilge.

- Sa chás nach gcuireann aon iarrthóir le Gaeilge isteach ar phost ar leith leis an Roinn, cuirtear na hagallaimh don phost ar atráth ar feadh tréimhse 6 seachtaine, athfhógraíteaer an post agus tógtar céimeanna cuí eile chun iarrthóirí le Gaeilge a aimsiú agus a mhealladh.
- Tionscnófar córas nua ceapacháin lena síneofar conradh sealadach 3 bliana le duine gan Gaeilge le cur ar a c(h)umas leordhóthain Ghaeilge a thabhairt leis nó léi chun cúraimí a p(h)oist a chomhlíonadh trí Ghaeilge. Má éiríonn leis an duine sin sa scrúdú inniúlacht Ghaeilge ag deireadh na tréimhse 3 bliana sin, déantar iomlán an ceapachán. Muna n-éiríonn, fógraítear an post arís gan dochar do cheart an iarrthóra ar theip air/uirthi sa scrúdú inniúlacht Ghaeilge cur isteach air agus conradh sealadach eile 3 bliana a shíniú leis an Roinn más cuí.
- An rogha teanga a thabhairt do gach agallalaí, is cuma má tá an Ghaeilge ina sainriachtanas don phost i gceist nó nach bhfuil.

*Sprioc: Roimh dheireadh na scéime*

---

AIGHNEAECHT Ó CHONRADH NA GAEILGE, 16 IÚIL 2009, 6 SRÁID FHEARCHAIR, BAILE ÁTHA CLIATH 2